



Líon an Dúlra

Eagrán 5

Fomhar 2013

AN tEAGRÁN SEO...

Leathanach an Eagarthóra

An Riabhóg Mhóna

Crann na Beatha

An Mhinc Mheiriceánach

Bratphortaigh

Ar aghaidh leis an obair John Joyce, Bitheolaí Mara, Údar agus Cartúnaí

Dathaigh leat

DTLL Éireann

Cuardach Focal

Bí ag Foghlaim

An Saol Mórthimpeall Orainn

Plandaí Portaigh

Leathanach Spraoi

Mar a tharraingíonn John Joyce cartúin - Gné-alt


Rudaí a Athchúrsáil - Plocóidí agus Cadhnaí

Dialann Dúlra

FOCLÓIRÍN



Sciollam na móna, lile bhídeach faoi bhláthanna buí a chuireann dath ar phortaigh i lár an tsamhraidh. Féach ar phlandaí portaigh eile ar leathanach 12.



Portach Blāfar

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Grianghraf © Robbie Murphy

Leathanach an Eagarthóra

Grianghraf © Robbie Murphy



Rónta Fóna!

Bhí mo dheartháir Robbie amuigh lena cheamara tamall ó shin agus ghlac sé grianghraf iontach de róna glasa agus iad ina luí ar charraigeacha gar d'Inis Arcáin. Ionaid triomaithe* a thugtar ar áit ina dtarraingíonn róna iad féin amach as an uisce le luí amach ar an talamh. Triomaíonn na róna iad féin ar an mbealach sin ar mhórán cúiseanna. D'fhéadfadh sé go mbeidis ag cúpláil* nó ag breith clainne*. B'fhéidir go mbeadh teocht a gcolainne* á socrú acu. Seans nach mbeadh ann ach go mbeidis ag iarraidh a scíth a ligean agus comhlúadar a dhéanamh* le róna eile. Uaireanta d'fhéadfaidís a bheith ag éalú ó chreachadóirí, an chráin dhubh* nó siorcanna, cé go bhfuil na creachadóirí* sin gann go maith i bhfarraigí na hÉireann. Tá dhá chineál rón in uiscí na hÉireann, an rón glas* agus an rón beag*. Bíonn smut* níos mó ar an rón glas agus bíonn a chuid polláirí comhthreomhar lena chéile, murab ionann agus an rón beag* a mbíonn cruth V ar na polláirí aige.

Oideas Bia Mara

Stialla Griollta Cadóige le hanlann oráiste rúibíneach

Na Comhábhair: (Bia do cheathrar)

- 700 g / 1½ phunt de chadóg fhilleadaithe*
- 2 spbh d'anlann soighe*

An tAnlann:

- Sú 4 oráiste rúibíneach* nó 3 sheadóg*
- 55 g / 2 oz d'sheallóidí* nó

- d'oinniúin – iad slisnithe go tanáí craobhóga dragain* agus maróis*
- 150 ml / 1¼ pionta uachtair
- 55 g / 2 oz ime
- Salann agus piobar úrmheilte

An Ghairnis

- Julienne oráiste

An Modh:

- Tum na stialla cadóige in anlann soighe. Déan iad a ghríoscaid* go mbíonn dath órga orthu.
- Idir an dá linn déan an t-anlann. Measc an sú, na seallóidí, an dragan agus an mharóis i sásan.
- Bruith agus laghdaigh d'aon trian é*.
- Cuir uachtar leis agus laghdaigh de leath é. Cuir im leis, beagán ag an am, agus measc go maith. Seiceáil an blastanas*.
- Réitigh rís bhruite i lár plátaí te. Bíodh sé blaistithe go héadrom agat.
- Leag stialla* éisc ar a mbairr. Cuir an t-anlann timpeall ar an imeall.
- Spréigh le julienne oráiste, síobhas* agus camán gall*.

ROGHA ÉISC: Trosca*, Colmóir*, Mangach*, Langa*, Leathóg*



Arna chur i láthair ag BIM & Simon Regan, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí www.bim.ie

Grianghraf: © BIM

A Léitheoir,
Tá an-áthas orainn gné-alt de chuid John Joyce, bitheolaí mara, údar agus cartúnaí a fhoilsiú san eagrán seo. Is dóigh linn gur iontach iad léaráidí John agus cuidíonn siad linn eolas a chur ar an mbeatha mhara ar bhealach an-ghreannmhar. Ba bhreá linn do thuairimí a fháil faoin iris mar aon le moltaí le haghaidh ábhar ailt amach anseo. Bí ag léamh agus bain sult aisti!
Susan.



R-phost: editor@naturesweb.ie

Suíomh Gréasáin:

www.naturesweb.ie

Eagarthóir: Susan Murphy Wickens

Leagan Amach agus Dearadh:

Susan Murphy Wickens

Grianghraf agus Fáisc-ealaín:

Cóipcheart

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Comhfhreagraí Eachtrach:

Michael Ludwig

Leagan Gaeilge: Foras na Gaeilge 2013

© Stáisiún Mara Inis Arcáin 2012

FOCLÓIRÍN NUA!



As seo amach beidh foclóirín i gcúl gach eagráin de *Líon an Dúlra*, áit a mbeidh teacht ar na leaganacha casta agus na téarmaí teicniúla ar fad atá san eagrán sin.

Áit ar bith a bhfeiceann tú réiltín(*) taobh le focal sa téacs, ciallaíonn sé go bhfuil an téarma nó an leagan Gaeilge sin tugtha sa ghluais agus aistriúchán Béarla leis.

Éanlaith

An Riabhóg Mhóna

Ainm Eolaíoch: Anthus pratensis

Ainm Béarla: Meadow Pipit:

Le Lewis Gospel

Éan beag í an riabhóg mhóna agus is ball d'fhine na riabhóg í*. Bíonn sí le feiceáil ar thalamh oscailte* agus ar phortaigh faoin tuath. Cuma riabhach nó stríocach* a bhíonn uirthi. Is deacair í a aithint ó éin eile i bhfine na riabhóg. Ach dá ndéanfá dianstaidéar uirthi d'fheicfeá gob* caol, cosa éadroma bándearga agus crág* dheiridh ar chúl a crúib. Bíonn an chrág sin i bhfad níos faide ná na crága eile ar a crúb.

Is fearr léi a bheith ag ithe ar an talamh. Feithidí agus péisteanna lúbarnacha talún* an bia is mó a thaitníonn léi sa samhradh. Sa gheimhreadh is maith léi síolta agus caora a ithe. Faigheann sí an-chuid fuinnimh uathu sin nuair a bhíonn bia eile gann.

Griangraif © Robbie Murphy

Conas radharc a fháil uirthi

Má bhíonn tú ar aon talamh féaraigh, ar mhóinteach* nó ar phortach, seans go gcloisfidh tú gíog* nó 'tsíp' agus an riabhóg mhóna ag eitilt timpeall in ealtaí beaga*.

Déanann an t-éan seo a nead ar an talamh. Ní mór mar sin a bheith san airdeall air* agus tú ag siúl. Má chuireann tú isteach ar ealta riabhóg, éiríonn siad aníos ina gcinn aonair, ina bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Tá an riabhóg mhóna an-chosúil lena garghaol*, an riabhóg choille. Maireann fospeiceas* den riabhóg in Éirinn ar a dtugtar *Anthus pratensis whistleri*. Bíonn sí sin beagánín níos dorchá ná na cinn a bhíonn le feiceáil i dtíortha eile na hEorpa.



Comhad Fíricí

Dath: Cluimhreach* dhonn éadrom ar a mbíonn stríoca troma donna. Bíonn cosa bándearga buí fúithi.

Fad: 14.5 cm

Réimse Sciathán: 24 c

Meáchan: 14.5 g

Uibheacha: 2-7

Aiste Bia: Feithidí, péisteanna talún, síolta agus caora.

Cráite ag an gCuach

Agus an riabhóg ag neadú i rith shéasúr an ghoir* seans go mbeadh cuairteoir gan chuireadh* aici - an chuach*. Beireann an chuach a cuid uibheacha i neadacha éin eile. In Éirinn, is i nead na riabhóige móna is mó a bheireann sí a cuid uibheacha. Is as ubh na cuaiche a thagann an chéad éanán* sa nead. Brúnn an t-éanán cuaiche sin uibheacha na riabhóige amach as an nead ansin. Is cuid den nádúr a leithéid sin agus ní chuireann sé isteach ar líon na riabhóg móna mar go mbaineann an chuach leas as neadacha éin eile chomh maith.




Saol na Mara

Crann na Beatha

Léiríonn **Crann na Beatha** thall leagan féideartha* amháin d'éabhlóid nó d'fhorbairt na bpríomhghrúpaí* ainmhithe ó na cealla is túisce* in imeacht an ama.

Ag bun an chrainn atá na hainmhithe simplí aoncheallacha*. Is dul chun cinn é an chéad leibhéal eile. Brat ceall* a bhíonn ag feidhmiú le chéile i gcisil* iad na hainmhithe sin, an smugairle róin* agus an bundún leice* mar shampla (féach thíos). D'éirigh na hainmhithe simplí sin níos casta in imeacht na milliúin bliain agus d'fhás orgáin speisialta agus néarchórais* iontu.

Ar an taobh clé de chrann na beatha atá na hainmhithe nach mbíonn cnámh droma* acu, na hinveirteabraigh. Ar an taobh deas atá na hainmhithe a mbíonn cnámh droma acu, na veirteabraigh. Bíonn néarchóras casta sna veirteabraigh. Córas a d'éirigh an-fhorbartha de réir a chéile. Cuid mhaith de na hainmhithe inveirteabracha, feithidí, damháin alla, gliomaigh, portáin, péisteanna talún agus eile, bíonn a gcolainn roinnte ina deighleoga* (féach thíos). Tá an ascaid ar an taobh deas den chrann. Is i larbha na hascaide* a chonacthas cnámh droma den chéad uair





iomhá le Susan Meaney

Tús na Beatha san Fharraige Mhór

Dar le heolaithe, tuairim is 3000 milliún bliain ó shin a tháinig ann don chéad neach beo* ar domhan. Thart ar an am sin cheangail na hadaimh* san uisce, ocsaigin agus hidrigin, leis na hadaimh* san atmaisféar, carbón agus nítrigin. As an gcomhthathú sin* cruthaíodh próitéiní, carbaihiodráití agus saillte - bloic thógála na beatha*.

Seans gur tharla sé sin ar fad uair éigin nuair a bhuail tintreach an t-uisce sna locháin éadoimhne ar imeall na n-aigéan. Nó seans gur tharla sé timpeall ar chraois bhulcáin* in íochtar na farraige, áit a mbeadh an t-uisce an-te.



Garghaolta

Garghaolta iad an smugairle róin agus an bundún leice agus tá an leagan amach céanna ar a gcolainn. Bíonn an bundún leice óg ag snámh leis san fharraige, agus le féachaint air cheapfá gur smugairle róin óg atá ann. An smugairle róin óg, cheapfá gur carnán de bhundúin leice atá ann, iad cruachta anuas ar a chéile*. Bíonn cealla marfacha* (néimiticistí) den chineál céanna i mbraiteoga* an dá ainmhí. Ach bíonn cealg* an smugairle róin i bhfad níos cumhachtaí ná ceann an bhundúin.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Ainmhithe

An Mhinc Mheiriceánach

Ainm Eolaíoch: *Mustela vison*

Ainm Béarla: American Mink



Grianghraf le caoinchead G Trimming Photostream CC by 2.0

Tá an mhinc an-chosúil leis an madra uisce*, ach go bhfuil an madra uisce nos mó ná í. Colainn fhada chaol a bhíonn aici agus fionnadh tiubh*. Bíonn eireaball fada fionnaitheach* aici agus cosa scamallacha* fúithi. Ní bhíonn radharc na súl ró-mhaith aici agus cé gur beag an torann a dhéanann sí, ligeann sí glao ardairde* aisti nuair a scanraíonn rudaí í.

Is feoiliteoir* í an mhinc. Ó tharla gur ainmhí leathuisceach* í agus gur snámhaí maith í, itheann sí cuid mhór éisc, portáin, creimirí*, froganna agus éin. Is minic in aice le huisce í, le go mbeadh teacht aici ar bhia go furasta. Cónaíonn gach minc fásta i bpluais agus bíonn a limistéar féin aici a mharcálann sí lena boladh. Ní nós le hainmhí ar bith in Éirinn an mhinc a ithe. Dá bharr sin tá an mhinc ar bharr an tslabhra bia* aici, is é sin níl namhaid ar bith aici.

Ní dhéanann an mhinc geimhriú*. Coinníonn a fionnadh tiubh te í i rith an gheimhridh fhuair. Bíonn uirthi bheith ag fiach ar feadh na bliana, go hiondúil sa tráthnóna nó nuair a thiteann dorchadas na hoíche.

Comhad Fíricí

Dath: Fionnadh donn dorch.

Fad: 45-65 cm. Is mó an fireannach ná an baineannach.

Aiste Bia: Éisc, portáin, creimirí, froganna agus éin.

Gnáthóg: Gar don uisce de ghnáth – aibhneacha, lochanna, canálacha, fad an chósta agus a leithéidí.

Ní as Éirinn don Mhinc Mheiriceánach ó dhúchas. Is de bhunadh* Mheiriceá Thuaidh an speiceas. Tugadh go hÉirinn den chéad uair sna 1950idí í, chun í a thógáil ar mhaithe le héide geimhridh a dhéanamh as an bhfionnadh tiubh aici.

D'éalaigh cuid de na hainmhithe sin nó scaoil duine éigin as a ngéibheann iad agus phóraigh siad san fhiántas*. Tá gach contae in Éirinn coilínithe ag an Minc Mheiriceánach ón am sin i leith.

Is é tuairim a lán daoine gur plá* í agus go mbíonn sí ag cur isteach ar an stoc iasc agus ar an éanlaith uisce. In Éirinn, tá an mhinc liostaithe mar speiceas ionrach* agus níl sí faoi chosaint.

Is ann don mhinc Eorpach, ach níor tháinig an speiceas sin riamh chomh fada le cósta na hÉireann. Tá sí cosúil leis an minc Mheiriceánach ach bíonn sí níos lú ná í áfach.

Fine

Le fine na mustailidí* a bhaineann an mhinc. Is cuid den fhine chéanna iad an madra uisce, an cat crainn*, an broc* agus an easóg*. Ainmhithe feoiliteacha iad ar fad a mbíonn cosa gearra agus coirp fhada acu.

Déanann an mhinc cúpláil* i dtús an earraigh agus iompraíonn an baineannach* na hóga ar feadh tréimhse a mhaireann idir 1 mhí agus 80 lá. Nuair a bheireann sí iad, is iondúil go mbíonn idir 3 agus 5 cinn óga aici. Bíonn siad caoch* agus nocht nuair a thagann siad ar an saol.



Bratphortaigh

Grianghraf le caoinchead Nicola Carroll/SPNF



Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, Contae Mhaigh Eo, ina bhfuil 11,000 heicteár de bhratphortaigh Atlantach agus talamh sléibhe.

Robert O'Dwyer,
Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich,
Contae Mhaigh Eo.

Céard is bratphortaigh ann?

Bratphortaigh* a thugtar ar limistéir mhóra a bhíonn clúdaithe ag portaigh mar a bheadh brat ann. Is in Éirinn atá 8% de bhratphortaigh an domhain. Tá dhá chineál bratphortaigh ann: an Bratphortaigh Atlantach, a bhíonn ar mhánna cósta* agus ar ghleannta sléibhte agus an Bratphortaigh Sléibhe a bhíonn go hard sna sléibhte. Is ón mbáisteach amháin a fhaigheann na bratphortaigh a gcuid uisce. Bíonn cré na bportach an-aigéadach agus gann ar chothathaigh*. Is beag galú a tharlaíonn iontu*, rud a chiallaíonn go mbíonn siad an-fhliuch ar feadh na bliana.



Cén áit ar domhan a mbíonn bratphortaigh le fáil?

Is sa leathsféar thuaidh*, is é sin, san Eoraip, sa Rúis agus i Meiriceá Thuaidh, is mó a bhíonn bratphortaigh. In Éirinn, is ar an gcósta thiar is minice a thiteann an bháisteach. Dá bhrí sin is féidir leis an mbratphortaigh fás ar feadh na sléibhte* agus chomh fada síos leis an bhfarraige nó geall leis. Bratphortaigh Atlantach a thugaimid air sin.

Ar chlé: An feileastram buí*, bláth a fhásann ar na portaigh

Conas mar a fhásann bratphortaigh?

Bhíodh Éire (agus an Eoraip) faoi chlúdach ag foraoisí* na mílte bliain ó shin.

Nuair a tháinig daoine ann leag siad an chuid is mó de na crainn. Ag an am sin, bhí an aeráid ag éirí i bhfad níos teo agus bhí i bhfad níos mó báistí ann.

Gan ach beagán crann ann leis an gcré

a choimeád ina háit, scuabtar an t-iarann síos* tríd an gcré, fágann sé sin ciseal cruaiarainn* thíos fúithi. Ní bhíonn an bháisteach in ann sileadh tríthi* agus dá bharr sin, éiríonn an chré an-fhliuch agus ní bhíonn ach

plandaí ar nós an chaonaigh* in ann fás inti.

Ceal ocsaigine* sa chré fhlíuch, ní lobhann na plandaí* go hiomlán.

De bhreis air sin bíonn an chré

an-aigéadach.

Carnann an t-ábhar marbh plandach anuas air féin* agus déantar móin de*.

In imeacht na mílte bliain cruthaíonn an próiseas sin bratphortaigh thar limistéir fhairsinge.

Glacann sé 1000 bliain chun portach 1 m ar domhain* a chruthú! In Éirinn, bíonn doimhneacht idir 1.5 m agus 7 m sna portaigh.



Scéilt le Robert O'Dwyer



Cosaint agus Caomhnú

Ach an bhfuil a fhios agat go bhfuil a dhá oiread carbóin i bportaigh an domhain agus atá i bhforaoisí uile an domhain. Dá ndófaimis an mhóin go léir atá sna portaigh uile d'ardófaí teocht an domhain* go mór. Dá bharr sin, chaillfimis go leor de na plandaí agus na hainmhithe tábhachtacha a bhíonn ag brath ar an bportach le maireachtáil.


Ar aghaidh leis an Obair

An Dr. John Joyce – Bitheolaí Mara, Údar agus Cartúnaí

Is bitheolaí mara*, údar agus cartúnaí é John Joyce. Bhuail sé lena bhean Jane in 1977 nuair a bhí cúrsa bitheolaíochta faoin gcladach á reáchtáil acu le chéile i gCorcaigh. D'fhoilsigh sé a leabhar saothair 'Black John, The Bogus Pirate Cartoon Workbook of Marine Beasts' in 2011. Foilsíodh urscéal eile leis 'Fire and Ice' i mí Dheireadh Fómhair. Féach: www.spindriftpress.com

An raibh suim agat riamh san obair a bhíonn á déanamh agat?

Bhí suim agam riamh san fharraige. Agus mé i mo pháiste, chaith mé na huaireanta fada ag lapadaíl i locháin charraige*. Nuair a chonaic mé an scannán '20,000 Leagues Under The Sea' le Walt Disney rith sé liom gur mhaith liom a bheith i mo chaptaen ar fhomhuireán* nó i mo bhitheolaí mara.



lomhánna le John Joyce

Cén oiliúint a fuair tú leis an obair a bhíonn ar bun agat a dhéanamh?

Ó tharla mé a bheith gearr-radharcach* ní fhéadfainn a bheith i mo chaptaen ar fhomhuireán. Ina áit sin, rinne mé staidéar le bheith i mo bhitheolaí mara. Mhúin mé dom féin conas leabhar a scríobh agus cartúin a tharraingt. D'fhoghlaim mé na scileanna sin trí leabhair a léamh agus trí aithris a dhéanamh ar dhaoine eile a tharraingíonn cartúin.

Cén phríomhaidhm atá agat?

Cartúin agus ábhar scríofa a úsáid chun daoine a chur ar an eolas faoin bhfarraige. Agus mé ag obair le Foras na Mara, bhí clár* againn do bhunscoileanna, *Taiscéalaithe*, a raibh go leor cartún ann. Anois agus mé ar scor*, bainim leas as cartúin sa tsraith leabhar agam 'Funderstood'. Múineann an tsraith do dhaoine conas rudaí a tharraingt agus bíonn eolas inti faoina mbíonn ar siúl san fharraige.

Cén sórt lá oibre a bhíonn agat?

Gnóthach! Bí ag obair ar leabhar agus ag tarraingt cartún nó bí ag labhairt le clódóirí agus le siopaí leabhar. Laethanta eile bí ag obair ar thionscadail oideachais mhara in Éirinn nó thar lear. Is ag labhairt le múinteoirí, le daltaí nó le saineolaithe san eolaíocht mhara* agus san oideachas mara a bhím go minic.

Cén chomhairle is fearr a fuair tú riamh?

Torthaí seachas botúin an toradh a bhíonn ar ár gcuid iarrachtaí. Is minic nach n-éiríonn linn an toradh atá uainn a fháil ar an gcéad iarracht. Bain triail as rudaí nua éagsúla agus ar deireadh éireoidh leat a bhfuil uait a bhaint amach.

An dtaitníonn do chuid oibre leat?

Ní fhéadfainn 'obair' a thabhairt uirthi. Na rudaí a bhfuil spéis agam iontu, éiríonn liom iad a dhéanamh. Bí ag obair le daoine a thaitníonn liom agus a bhfuil meas agam orthu. Bhí mé ag obair i gcomhar



John agus é ag ceardlann ag taispeáint do dhaoine conas cartúin a tharraingt

le healaíontóirí*, le heolaithe, le daltaí agus le saineolaithe oideachais agus an leabhar 'Black John Cartoon Workbook' á scríobh agam. Bhí deis agam féin agus ag Jane dul ar bord fomhuireáin, dreapadh síos sa Chainneon Mór, cuairt a thabhairt ar Las Vegas agus eitilt i héileacaptar agus an t-urscéal 'Fire and Ice' á scríobh agam. Ní 'obair' a leithéid, sin spraoi!

Cén tábhacht atá leis an oideachas i gcosaint na bhfarraigí?

Roghnaíonn formhór na ndaoine a ngairm bheatha nuair a bhíonn siad óg. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go bhfoghlaimíodh daoine faoin bhfarraige agus iad óg. Spreagfaidh sé sin iad chun aire a thabhairt don fharraige, mar bíonn an domhan ar fad ag brath ar an bhfarraige.




Dathaigh leat!

DTLL Éireann



Déan athchúrsáil
anseo!



lomhá le caoinhead DTLL Éireann

Cuardach Focal



Líon an Dúlra Fómhar 2013

Bain triail as an gcuardach mór focal seo. Tá focail ann atá le fáil san eagrán seo den nuachtlitir.

S E Á N D U B H E H B E C S I U T A
R C M S N A P L É I S C E D F G S T
Ó L I C H Í N D F G H L M E I G A N
N R N O Í A L O E H T I B Ú A N L Ú
B T C P L A N D A Í P O R T A I G H
H U M S C L B N I U I A F G C R N C
E I H S C C A R T Ú I N S D R H Ó A
L O E R T B N M A N L I F G A C R T
I P I P M H D A N N O I F B N Á I R
Á L R B L N N M U A S A R A N B U O
S H I E G R O E G E M O S E N O L H
R G C F L D S E C A D Ó G U A T R P
Ú F E H N S I S D F G H N L B R D T
H D Á M L C Ú G F D S A E A E R A A
C N N A E R I É L L T D B H A U M R
H S A O U T R E L A S D F G T T L B
T H C A E T I E M I O R D R H I N N
A H H R I A B H Ó G M H Ó N A O R N

Aimsigh na focail seo thíos:

Minc

Mheiriceánach

Seán Dubh

Bratphortach*

Sciollam na Móna*

Plandaí Portaigh*

Cartúin

Droimeiteach*

Geiceo

Giúrainn*

Rón Glas*

Cadóg*

Fionnadh*

Lonesome George

Bitheolaí*

Riabhóg Mhóna*

Athchúrsáil*

Crann na Beatha*

DTLL Éireann



REITEACH:

(Trasna, Anuas, Treo) Minc Mheiriceánach (3, 2, Ó Dheas); Seán Dubh (1, 1, Soir); Bratphortach (18, 16, Ó Thuaidh); Sciollam na Móna (1, 1, Soir Ó Dheas); Plandaí Portaigh (4, 5, Soir); Cartúin (6, 7, Soir); Droimeiteach (13, 17, Soir); Geiceo (9, 11, Soir Ó Dheas); Giúrainn (16, 2, Soir Ó Dheas); Rón Glas (17, 8 Ó Thuaidh); Cadóg (9, 12, Soir); Fionnadh (13, 9, Soir); Lonesome George (17, 11, Soir); Bitheolaí 13, 4, Soir); Riabhóg Mhóna (4, 18, Soir); Athchúrsáil (1, 18, Ó Thuaidh); Crann na Beatha (15, 6, Ó Dheas); DTLL Éireann (12, 15, Soir).

Bí ag Foghlaim




Costas: €2.10 an ceann, postas san áireamh nó 8 leabhar ar €12.00 móide €2 ar phostas agus ar phacaistiú. 32 lch

Tá leabhair dhathúcháin, leabhair ghníomhaíochta agus treoirleabhair curtha i gcló ag Stáisiún Mara Inis Árcáin le déanaí. **Colouring and Guide book:** Deis le heolas a chur ar fhiadhúlra na hÉireann agus le cineálacha ainmhithe a aithint agus a dhathú. **My Nature Diary:** Leathanaigh línithe inar féidir cuntas agus nuacht a thairnead ar an bhfiadhúlra a fheiceann tú.

Gheobhaidh tú tús eolais ar mhórán bláthanna fiáine coitianta a fhaightear ar fud na hÉireann. 206 lch
Costas: €8.50, postas san áireamh.

DVD - Beathra na Mara 'On the Water's Edge'


DVD ó Stáisiún Mara Inis Árcáin é seo. Gearrscannáin faoi bheathra cois mara agus é curtha i láthair ag Audrey Murphy. Tá 6-10 n-uair an chloig d'ábhar idirghníomhach ann do pháistí de gach aois. Ar fáil uatha seo: Stáisiún Mara Inis Árcáin, Inis Árcáin, Contae Chorcaí.
Costas: €6.00, móide postas €1.



An A-Z of Geology. Domhan iontach na gcarraigeacha agus na geolaíochta. Lena n-áirítear bolcáin, súnaimithe, creathanna talún, diamaint, ór agus dineasáir fiú. Sin ábhar an leabhair seo. Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an ngeolaíocht inár saol is aidhm don leabhar seo. Stáisiún Mara Inis Árcáin a chuir an leabhar le chéile, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.
Costas: €5.99 móide postas €1.



Leabhar a ordú: Cuir 'd'ainm agus do sheoladh, mar aon le seic, nó ordú poist iníochta le Stáisiún Mara Inis Árcáin, chucu seo: Stáisiún Mara Inis Árcáin, Inis Árcáin, Contae Chorcaí, Éire nó triail www.sherkinmarine.ie agus ordaigh trí PayPal.



Seoltaí Fóna Gréasáin*

Is iomaí láithreán gréasáin ar an idirlíon ina bhfaightear tuilleadh eolais faoi na hábhair a phléamar sa nuachtlitr seo. Seo a leanas roinnt acu.

An Gúm: http://www.gaeilge.ie/ForasnaGaeilge/Lion_an_Dulra.asp

Eagarfhocal: http://sealtrack.ucc.ie/?page_id=31 <http://www.whalewatchwestcork.com/seals-ireland.html>

An Riabhóg Mhóna <http://www.birdwatchireland.ie/IrelandsBirds/PipitsWagtails/MeadowPipit/tabid/1036/Default.aspx> <http://www.rspb.org.uk/wildlife/birdguide/name/m/meadowpipit/index.aspx>

Crann na Beatha: <http://www.captaincockle.com/> <http://marinebio.org/oceans/marine-taxonomy.asp>
<http://www.nhm.ac.uk/nature-online/science-of-natural-history/taxonomy-systematics/index.html>

An Mhinc Mheiriceánach: <http://www.wicklowmountainsnationalpark.ie/Mink.html> <http://www.nhptv.org/natureworks/mink.htm> <http://www.conserveireland.com/mammals/americanmink.php>

Bratphortaigh: <http://www.ballycroynationalpark.ie/wildlife.html> <http://www.raisedbogrestoration.ie> <http://www.ipcc.ie/a-to-z-peatlands/blanket-bogs/>

John Joyce: <http://www.byfocal.com/spindrift/> <http://www.captaincockle.com/>

An Droimeiteach i nDún na Séad: <http://www.irelandswildlife.com/2012/08/baltimore-whale-stranding-a-good-news-story/>

An Giúran: <http://www.ryaninstitute.ie/?s=goose+barnacle&x=0&y=0>

An Geiceo: <http://www.nanowerk.com/news/newsid=24315.php>

Lonesome George: <http://www.galapagospark.org/boletin.php?noticia=630> <http://www.bbc.co.uk/news/world-18574279>

Plandaí Portaigh: <http://www.ballycroynationalpark.ie/Flora.html> http://www.wildflowersofireland.net/plant_detail.php?id_flower=272&wildflower=Sundew,%20Round-leaved

DTLL Éireann: <http://www.recyclefree.ie/> <http://www.weeeireland.ie/>

Ní féidir linn a bheith freagrach as ábhar ar bith ar láithreáin sheachtaracha ghréasáin*. Bí san airdeall agus láithreán ar bith á oscailt agat agus bíodh múinteoir nó tuismitheoir in éineacht le páistí agus iad ag féachaint ar an idirlíon.

An Saol Mórthimpeall Orainn



Tugann an 'comhfhreagraí eachtrach' Michael Ludwig, tuairisc ar roinnt eachtraí agus imeachtaí neamhghnácha sa dúlra.




An Droimeiteach i nDún na Séad – an taobh gruama de thimthriall na beatha*

I mí Lúnasa 2012 bhí scleondar* i nDún na Séad* nuair a shnámh droimeiteach* óg baineann isteach in uisce éadomhain* gar don ché. Níorbh fhada, áfach, gur athraigh an scleondar ina bhrón mar ba léir nach raibh an tsláinte go maith ag an míol mór* agus go raibh sé ar tí bás a fháil. Mar gheall ar an áit ina raibh sé, ba bheag arbh fhéidir a dhéanamh le faoiseamh a thabhairt dó agus bhí daoine ag súil nach mbeadh pian air agus é ag fáil bháis. Tar éis cupla lá, fuair sé bás. Bhí daone áirithe ag súil go bhféadfaí go leor a fhoghlaim ón ainmhí marbh. Theastaigh uathu an conablach* a chur go grinneall* agus é a choimeád ansin le meáchain. Bhí súil acu go n-íosfadh ainmhithe mara eile an fheoil de agus go bhféadfaí an cnámharlach a tharrtháil* agus a chur ar taispeáint ina dhiaidh sin. Bhí dreamanna eile in amhras faoin bplean sin, áfach, ar deireadh tugadh an conablach amach san fharrage agus úsáideadh meáchain chun é a chur go tóin poill. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Ghrúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna www.iwdg.ie.

Gríanghraf © Robbie Murphy

An gcabhrófá le giúrrann na gé a aimsiú?

Tá taighdeoirí in Institiúid Uí Riain in OÉG ag lorg cabhrach chun giúrrann* neamhchoitianta a aimsiú. Anois is arís caitheann an fharrage aníos ar chladaí na hÉireann é. Tá cumas iontach* ag an ngiúrrann é féin a ghreamú de gach cineál dromchla a d'fhéadfá a shamhlú, friochtán neamhghreamaitheach* go fiú! Tá na taighdeoirí ag iarraidh a fháil amach conas a oibríonn an gliú a dhéanann an giúrrann. Tá súil acu go bhféadfaidís leagain shintéiseacha den sárghliú nádúrtha* faoi uisce sin a úsáid sa mháinliacht* agus san fhiacloireacht. Is é giúrrann na gé nó *lepas anatifera* an cineál giúrrainn a bhfuil na taighdeoirí ag iarraidh teacht air. Amach ón gcósta a mhaireann giúrrann na gé agus bíonn sé deacair teacht air. Uaireanta, áfach, caitheann an fharrage i dtír é. Ba mhaith leis na taighdeoirí iad a bhailiú ar an gcladach sula bhfaigheann siad bás de bharr easpa uisce. Má éiríonn leo giúrrainn a choinneáil beo in uisceadán sa tsaotharlann*, beidh seans ag na taighdeoirí staidéar a dhéanamh orthu agus ar an ngliú a dhéanann siad. Má thagann tú ar na giúrrainn sin agus iad beo, ar feadh chósta na hÉireann, cuir isteach i sáile* iad. Déan teagmháil ansin leis na taighdeoirí i Roinn na Zó-eolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ar 091-493191 nó cuir r-phost chuig j.jonker1@nuigalway.ie.



Gríanghraf le caoinhead Institiúid Uí Riain, OÉ Gaillimh

Ar mhaith leat a bheith i do Spiderman?

D'fhéadfá! Is féidir le laghairteanna geiceo rith suas ballaí agus trasna rudaí sleamhna gan titim díobh. Craiceann a gcós is cúis leis an mbua sin a bheith acu. Tá taighdeoirí in Ollscoil Massachusetts tar éis ábhar saorga bunaithe ar chos an gheiceo a fhorbairt. Greamaíonn sé de gach rud beagnach, agus níl le déanamh ach casadh beag a thabhairt dó agus scaoiltear ón dromhchla é. Ní fhágann sé marc ar bith nuair a bhaintear é. Tá píosa chomh beag le cárta poist in ann 3,175 kg a iompar, rud a chuirfeadh ar chumas duine balla a dhreapadh go héasca.



Céad Slán le Lonesome George

Bhásaigh Lonesome George, as Páirc Náisiúnta Oileáin Galapagos, i Meitheamh na bliana seo caite. Ba é an t-ainmhí ba theirce ar domhan é*. Is oileánra í an pháirc náisiúnta sin agus bhí George ina shiombail di. Maireann orgánaigh ar leith inti nach mbíonn in áit ar bith eile ar domhan. Measann daoine go raibh George, toirtís Oileán Pinta, tuairim is 100 bliain d'aois. Chomh fada agus is eol dúinn bhí George ar an toirtís deiridh dá chineál agus meastar go bhfuil an fospeiceas sin díothaithe* anois. Rinne eolaithe iarracht George a chúpláil le toirtís bhaineannacha a raibh garghaol acu leis. Cé gur rugadh uibheacha dóibh, bhí siad neamhthorthúil*. Rinne Charles Darwin staidéar ar ainmhithe agus ar phlandaí ar leith an oileánra* nuair a bhí a theoiric ar an éabhlóid* á forbairt aige.



Plandaí Portaigh

Plandaí Bratphortaigh

Sa bhratphortach ní bhíonn ach sfíorbheagán de na cothaitheag a theastaíonn ó phlandaí le maireachtáil agus le fás. Mar sin bíonn airíonna* ar leith ag na plandaí portaigh a chuireann ar a gcumas* maireachtáil ar an bportach.

Súsán (*Sphagnum*)

Is ceann de na príomhphlandaí sa bhratphortach é an súsán*. Bíonn ceimiceán* i nduilleoga an phlanda a chuireann leis an aigéad sa chré. Roinnt mhaith plandaí ní féidir leo maireachtáil nuair a bhíonn an aeráid ró-fhliuch*. Ní hamhlaidh don súsán, is féidir leis suas le 20 uair a mheáchan féin d'uisce a ionsú* agus bíonn sé in ann maireachtáil beo fós. Ba nós le daoine tráth é a úsáid mar bhindealán le fuil a ionsú*, fiú agus an planda marbh.



Léicean Réinfhia (*Cladonia sp.* reindeer moss)

Is de bharr go n-itheann an réinfhia an planda seo a thug daoine an t-ainm sin air. Má fhéachann tú go grinn air*, feicfidh tú go mbíonn cuma bheanna beaga ar na gais*. Is in aeráidí fuara a fhásann an planda liath seo den chuid is mó. Fásann sé go han-mhall, 3 mm go 5 mm in aghaidh na bliana, agus dá bhrí sin is beag cothaitheach a theastaíonn uaidh.

Drúchtín Móna (*Drosera rotundifolia* - sundew)

Faoi bhláth ó mhí Iúil go Mí Lúnasa

Tá bealach cliste ag an bplanda seo le cothaitheag a fháil. Bíonn duilleoga cruinne dearga air agus gach ceann díobh clúdaithe le spící greamaitheacha*. Nuair a thuirlingíonn feithid ar na spící sin greamaíonn sé díobh. Cuachann* na duilleoga thart timpeall ar an bhfeithid agus ionsúnn an planda* na cothaitheag a theastaíonn uaidh.



Fraoch Mór (*Calluna vulgaris* - Ling Heather)

Faoi bhláth ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair

Is ceann de na príomhphlandaí sa bhratphortach é. Bíonn bláthanna corcra éadroma air. Bíonn airíonna aigéadacha ina chuid duilleog. Planda síorghlas adhmafach* atá ann, rud a ligeann dó fuinneamh na gréine a ionsú ar feadh na bliana. An-bheag agus gainneach* a bhíonn na duilleoga air. Bíonn siad ceangailte go dlúth den ghas sa chaoi gur féidir leo uisce a choimeád. Is foinse thábhachtach bhia agus fothana* é don chearc fhraoigh*.

Sciollam na Móna (*Narthecium ossifragum* - bog asphodel)

Faoi bhláth ó mhí Iúil go mí Lúnasa

Is planda an-tarraingteach é. Cruth réalta a bhíonn ar na bláthanna órga air agus bíonn cruth claímh* ar na duilleoga air. Éiríonn na duilleoga aníos as an talamh. Fásann sé go tréan agus go fairsing*. Tá an planda fionnimhneach d'ainmhithe* má itheann siad é. Nuair a bhíonn deireadh leis na bláthanna, tagann dath cróchdhonn* ar an bplanda agus bíonn sé le feiceáil go dtí deireadh an fhómhair.



Leathanach Spraoi

Cad a d'fhoghlaim tú?

Tá freagraí na gceisteanna seo le fáil sa nuachtlitir...

An cuimhin leat iad?

1. Cén bealach neamhghnách atá ag an drúchtín móna lena chothú féin?
2. Déanann DTLL Éireann athchúrsáil ar rud ar bith a mbíonn plocóid nó cadhnra ann. Fíor nó Bréagach?
3. Cé hé an príomhcharachtar i leabhar nua saothair John Joyce faoi chartúin?
4. An as Éirinn don Mhinc Mheiriceánach ó dhúchas?
5. Cén cuairteoir gan iarraidh a bhíonn ag an Riabhóg Mhóna le linn an tséasúir ghoir?
6. Cén céatadán de bhratphortaigh an domhain atá in Éirinn?
7. Céard é an rud is tábhachtaí a bhíonn le fhoghlaim le cartún a tharraingt?
8. Bhí *Lonesome George*, toiritís Oileán Pinta a fuair bás le gairid, 20 bliain d'aois nuair a fuair sé bás. Fíor nó Bréagach?
9. Cé mhéad uisce is féidir leis an súsan a shú isteach?
10. Cén t-ainm atá ar shárlaoch DTLL?
11. Nuair a chonaic John Joyce an scannán '*20,000 Leagues Under the Sea*' shocraigh sé ar ghairm bheatha dó féin. Cén ghairm bheatha a bhí ansin?
12. Ainmnigh an dá chineál bratphortaigh.
13. De réir na n-eolaithe, cén uair a thosaigh an bheatha ar domhan?
14. Cén cineál róin ar thóg Robbie Murphy grianghraf de gar d'Inis Arcáin?
15. Cé mhéad a fhasann an Léicean Réinfhia in aghaidh na bliana?

Freagraí: (1) Feithidí; (2) Fíor; (3) Seán Dubh an Foghaí Mara Bréagach; (4) Ní hea; (5) An Chuach; (6) 8%; (7) Aghaidheanna a tharraingt; (8) Bréagach – bhí sé tuairim is 100 bliain d'aois; (9) 20 uair a mhéadchan féin; (10) Splancaí; (11) Captaen fomhuiréáin nó bithéolaí mara; (12) Bratphortach Atlantach agus Bratphortach Sléibhe; (13) Os cionn 3,000 milliún bliain ó shin; (14) Rón Glas; (15) 3-5 mm sa bhliain.

A Leithéid de Phictiúr!

Bíodh spraoi agat féin agus ag do chairde. Cum fortheideal a d'oirfeadh don ghrianghraf seo d'ailigéadar Meiriceánach. Cónaíonn sé i dtearmann fiadhúlra i Murascaill Mheicsiceo.



Ar chuala tú faoin madra nár ith ach gairleog*?

Ba mheasa go mór a ghlam ná a ghreim*!



An mó ceirtlín chorda* a theastódh chun síniú chomh fada leis an ngealach?

Ba leor ceann amháin ach é a bheith sách fada*!


Cad a tharlódh dá ndéanfaí eilifint agus péist talún a mheascadh? Ag Dia amháin atá a fhios*, ach bheadh an gairdín ina réabach* acu!



Coicís ag líonadh, agus coicís ag trá*, sin é mar a bhímse, agus mar a bheidh mé go brách. (An ghealach)


Cén fáth a mbíonn meigeall* ar ghabhar?

Mar ní bhíonn sé in ann é féin a bhearradh!



Cé na 5 dhifríocht?


Mar a tharraingíonn cartúin



Conas aghaidh a tharraingt, sin an rud is tábhachtaí a bhíonn le foghlaim agus tú ag iarraidh cartúin a tharraingt. A luaithe agus* a bheidh tú in ann aghaidh shimplí a tharraingt – bíodh sí sona, brónach, feargach nó lán le hiontas* – beidh tú in ann carachtar cartúin a dhéanamh de rud ar bith e.g. duine, ainmhí nó rud.

Féach ar d'aghaidh féin sa scáthán agus féach cad a tharlaíonn nuair a chuireann tú na dreacha* seo a leanas ort féin.

- **ÁTHAS** - téann cúinne do bhéil, caipíní do shúl agus do chuid malaí suas. Bíonn do shúile AR LEATHADH*.
- **BRÓN** - Téann cúinne do bhéil, caipíní do shúl* agus do chuid malaí SÍOS
- **IONTAS** - Bíonn do bhéal agus do shúile AR LEATHADH – sa chaoi gur féidir do theanga a fheiceáil. Téann do chuid malaí SUAS.
- **FEARG** - Bíonn do bhéal AR OSCAILT (ar dhrochbhealach) sa chaoi gur féidir na fiacla a fheiceáil. Íslíonn do chuid malaí i lár báire* sa chaoi go mbíonn cuma sciatháin éin orthu.



ÁTHAS

Níl le déanamh agat ach imlíne* a tharraingt den duine, ainmhí nó rud a theastaíonn uait agus an aghaidh a tharraingt taobh istigh de. É sin, nó an aghaidh a tharraingt ar dtús agus ansin an duine, an t-ainmhí nó an rud a tharraingt thart timpeall uirthi. Ní bhaineann riail ar bith leis na cartúin - DÉAN DO ROGHA RUD*! Bíodh spraoi agat*, mar sin, agus tarraing cartún nó dhó. Dá mhéad a tharraingíonn tú is ea is fearr a bheidh tú chuige* agus is mó an spraoi a bheidh agat.

Tá ceithre iasc cartúin tarraingthe agam anseo. Uaireanta samhlaíonn daoine rudaí a bheith greannmhar mura mbíonn aon chiall leo*. Mar sin, in áit siorc mór feargach táim tar éis siorc faiteach a tharraingt agus é scanraithe ag* portán beag bídeach!

Ar dtús tarraingím imlíne ar pháipéar le peann luaidhe. Ligeann sé sin dom í a ghlanadh amach nó a athrú go héasca más mian liom é. Ina dhiaidh sin, úsáidim peann feilte dubh nó peann scuaibe Seapánach lena líonadh isteach le dúch*. Fanaim go dtriomaíonn an dúch go hiomlán ansin agus glanaim amach an imlíne a rinne mé leis an bpeann.


Le déanaí, déanaim an sceitse pinn luaidhe a scanadh isteach i mo ríomhaire* nó fiú glacaim pictiúir de le m'fhón cliste. Bainim leas as an íomhá dhigiteach agus cuirim dath léi le pacáiste grafaicí, leithéidí Adobe®, Illustrator®, nó Photoshop®. Agus ríomhaire in úsáid, bíonn sé an éasca an líníocht agat a athrú. Is féidir mar shampla an íomhá a mhéadú nó a laghdú, a dhathú agus a athrú nó a chasadh timpeall. Bain sult as agus go n-éirí leat ag déanamh na gcartún!

www.spindriftpress.com


(Léigh faoi John Joyce in *Ar Aghaidh leis an Obair* ar leathanach 7)



IONTAS



BRÓN



FEARG




Is é Splancaí sárlaoch* DTLL Éireann. Éire a choimeád glas an misean aige Meabhraíonn sé dúinn ábhar DTLL agus cadhnraí ídithe* a athchúrsáil. An féidir leat cabhrú leis ina mhisean?

Caomhnú

Má tá plócóid air, nó má úsáideann sé cadhnra...**Déan Athchúrsáil air!**

Cad é DTLL?

Seasann DTLL do 'DramhThrealamh* Leictreach agus Leictreonach' – rud ar bith ar bhfuil plócóid nó a mbíonn cadhnra ann agus atá imithe ó mhaith*. *Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE)* a thugtar air sa Bhéarla.



Cuidíonn fearais leictreacha* linn ar go leor bealaí, e.g. cuidíonn folúsghlantóir linn an dteach nó an scoil a ghlanadh agus cuidíonn meaisín níocháin linn ár gcuid éadaí a choimeád glan.

Nuair nach n-oibríonn na hearraí sin a thuilleadh is ionann iad agus drámhaíl* is féidir a athchúrsáil. In áit na hearraí sin a chur sa bhosca bruscair, is féidir na hábhair a bhíonn iontu, miotal, gloine nó plaisteach, mar shampla, a bhaint astu agus a athúsáid chun rudaí nua a dhéanamh.

Ní gá dúinn éirí as acmhainní an domhain* a úsáid ach ní mór dúinn éirí as a bheith á gcur amú*.

Feachtas Feasachta do Scoileanna

Dá mba mhaith le do scoile tuilleadh a chloisteáil faoi DTLL agus athchúrsáil cadhnraí, is féidir iarratas a dhéanamh ar líne ar www.recyclefree.ie.

An Próiseas Athchúrsála*



Céard a tharlaíonn le do chuid earraí athchúrsáilte* DTLL?

Déanann DTLL na hearraí sin a Athchúrsáil (féach thuas). Tugtar iad chuig láthair bhailithe DTLL, áit a roinntear ina gcatagóirí* éagsúla iad. Baintear as a chéile iad agus déantar iad a athchúrsáil in ionaid speisialta chóireála. Go minic bíonn ceimiceáin sna hearraí sin a dhéanfadh dochar don timpeallacht*. Ní mór, mar sin, athchúrsáil cheart a dhéanamh orthu. Bíonn ceimiceáin áirithe i gcuisneoirí agus d'fhéadfaidís an-dochar a dhéanamh don atmaisféar. Cuireann athchúrsáil ar ár gcumas fáil réidh leis na ceimiceáin sin go slán, rud a chabhraíonn leis an timpeallacht a choimeád glan.




Cén áit inar féidir leat earraí DTLL a athchúrsáil?

- Bíonn áit ar leith d'earraí DTLL sna hionaid Athchúrsála Áitiúla. Féach ar láithreán gréasáin do chomhairle áitiúil* chun teacht ar na hionaid sin.
- Má bhíonn earra nua leictreach á cheannach agatsa nó ag duine de do theaghlach glacfadh an siopa an seanearra briste uait lena hathchúrsáil.
- An-seans go mbíonn bailiúchán DTLL i do cheantar uair nó dhó sa bhliain. Is deis mhaith í do theaghlach seanearraí a chur díobh. Déanfaidh DTLL athchúrsáil ar na seanearraí ina dhiaidh sin.
- Tabhair cuairt ar www.recyclefree.ie le heolas a fháil faoi bhailiúchán ar bith a bheidh ar siúl i do cheantarsa.

DTLL a chuir an t-eolas seo ar fáil. Tabhair cuairt ar www.weeeiireland.ie

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.


Fómhar 2013



Gabhann Stáisiún Mara Inis Arcáin buíochas le *Pharmaceutical Ireland* as a thacaíocht agus an nuachtlitir seo á foilsiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine a chuidigh leis an nuachtlitir, go háirithe Lewis Gospel, John Joyce, Michael Ludwig, Robbie Murphy, Robert O'Dwyer, Elizabeth O'Reilly, James Power agus Jez Wickens. Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin Stáisiún Mhara Inis Arcáin www.sherkinmarine.ie


PHARMACEUTICAL IRELAND
Dirithe ar Thodhchaí Folláin

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.



Foclóirín



Lch 2

Rónta Fóna

ionad triomaithe = haul out
ag cúpláil = mating
ag breith clainne = giving birth
teocht a gcolainne = their body temperature
comhluadar a dhéanamh = to socialise
creachadóirí = predators
an chráin dhubh = the killer whale
an rón glas = the grey seal
an rón beag = the common harbour seal
smut = snout
murab ionann agus an rón beag = unlike the common harbour seal

Oideas Bia Mara

cadóg fhilléadaithe = filleted haddock
seallóid = shallot
dragan = taragon
marós = rosemary
úrmheilte = freshly ground
anlann soighe = soya sauce
déan iad a ghríoscadh = grill them
laghdaigh d'aon trian é = reduce it by one third
blastanas = seasoning
síobhas = chives
camán gall = chervil
oráiste rúibíneach = ruby orange
seadóg = grapefruit
trosc = cod
colmóir = hake
mangach = pollock
langa = ling
leathóg = plaice

Lch 3

An Riabhóg Mhóna

is ball d'fhine na riabhóg í = it is a member of the pipit family
Bíonn sí le feiceáil ar thalamh oscailte = it can be found in open country
cuma riabhach nó stríocach = a stripy appearance
gob caol = slender beak
crág dheiridh = hind claw
ar chúl a crúibe = at the back of her foot
péisteanna talún lúbarnacha = wriggly earthworms

Conas radharc a fháil uirthi

ar mhóinteach = on a moor
gíog = cheep
ealtaí beaga = little flocks
a bheith san airdeall air = to be careful of it
garghaol = close relative
fospeiceas = subspecies

Lch 3 ar lean

Comhaid Fíricí

cluimhreach = plumage/feathers

Cráite ag an gCuach

i rith shéasúr an ghoir = during the breeding season
cuairteoir gan chuireadh = an unwanted visitor
an chuach = the cuckoo
éanán = chick

Lch 4

Cranna na Beatha

leagan féideartha amháin = one possible version
d'eabhlóid nó d'fhorbairt = of the evolution or development
na cealla is túisce = the earliest cells
na hainmhithe simplí aoncheallacha = simple single cell animals
brat ceall = a sheet of cells
i gcisil = in layers
an smugairle róin = the jellyfish
an bundún leice = the sea anemone
néarchórais = nervous systems
cnámh droma = backbone
deighleoga = segments
larbha na hascaide = the larva of the sea squirt

Tús na Beatha

an chéad neach beo = the first living creature
na hadaimh = the atoms
as an gcomhthathú = from this fusion
bloic thógála na beatha = the building blocks of life
timpeall ar chraos bholcáin = around volcanic vents


Garghaolta

cruachta anuas ar a chéile = stacked on top of each other
cealla marfacha = stinging cells
braiteoga = tentacles
cealg = sting

Lch 5

An Mhinc Mheiriceánach

madra uisce = otter
fionnadh tiubh = thick fur
eireaball fada fionnaitheach = a long furry tail
cosa scamallacha = webbed feet
glao ardairde = high-pitched call
feoiliteoir = carnivore
ainmhí leathuisceach = semi-aquatic animal
creimirí = rodents
ar bharr an tslabhra bia = at the top of the food chain
geimhriú = hibernate



Foclóirín



Lch 5 ar lean

de bhunadh Mheiriceá Thuaidh = of North American origin
liostaithe mar spéiceas ionrach = listed as an invasive species
san fhiántas = in the wild

Fine

fine na mustailídí = the mustelid family
an cat crainn = the pine martin
an easóg = the weasel
an broc = the badger
déanann sí cúpláil = she mates
caoch = blind

Lch 6

Bratphortaigh

bratphortach = blanket bog
ar mhánna cósta = on coastal plains
gann ar chothathaigh = low in nutrients
is beag galú a tharlaíonn = little evaporation occurs

Cén áit ar domhan?

sa leathsféar thuaidh = in the Northern hemisphere
ar feadh na sléibhte = all over the mountains
feileastram buí = yellow iris

Conas mar a fhasann bratphortach

foraoisí = forests
scuabtar an t-iarann síos = the iron is washed down
ciseal cruai iarrainn = a hard layer of iron
in ann sileadh tríthi = able to trickle through it
plandaí ar nós an chaonaigh = plants like moss
ceal ocsaigine = without oxygen
ní lobhann na plandaí = the plants don't decompose
carnann an t-ábhar marbh plandach = the dead plant matter piles up
déantar móin de = it turns into peat

Cosaint agus caomhnú

d'ardófaí teocht an domhain go mór = the earth's temperature would rise greatly

Lch 7

Ar aghaigh leis an obair

bitheolaí mara = marine biologist
ag lapadaíl i locháin charraige = splashing in rock pools
fomhuireán = submarine
gearr-radharcach = short sighted
taiscéalaithe = explorers
ar scor = retired
aineolaithe = experts
ag obair i gcomhar le healaíontóirí = working with artists
roghnaíonn formhór na ndaoine a ngairm bheatha = most people choose their occupation

Lch 8

Dathaigh leat

déan athchúrsáil anseo = recycle here

Lch 9

Cuardach Focal

bratphortach = blanket bog
sciollam na móna = bog asphotel
plandaí portaigh = bog plants
droimeiteach = fin whale
giúrann na gé = goose barnacle
rón glas = grey seal
cadóg = haddock
fionnadh = fur
bitheolaí = biologist
riabhóg mhóna = meadow pippit
athchúrsáil = recycling
cranna na beatha = tree of life

Lch 10

Bí ag foghlaim

seoltaí fóna gréasáin = useful websites
láithreáin sheachtracha gréasáin = external websites
bí san airdeall = be careful/aware

Lch 11

Droimeiteach i nDún na Séad


timthriall na beatha = the cycle of life
sleondar = excitement
Dún na Séad = Baltimore
droimeiteach = fin whale
uisce éadomhain = shallow water
an míol mór = the whale
le faoiseamh a thabhairt dó = to give it some relief
an conablach = the carcass
grinneall = sea floor
an cnámharlach a tharrtháil = to retrieve the skeleton
go tóin poill = to the bottom of the sea

An gcabhrófá le giúrann na gé a aimsiú?

giúrann na gé = goose barnacle
ag lorg cabhrach = looking for help
cumas iontach = a wonderful ability
friochtán neamhghreamaitheach = non-stick frying pan
sárghlíú nádúrtha = natural superglue
sa mháinliacht = in surgery
sa tsaotharlann = in the laboratory
i sáile = in seawater

Ar mhaith leat a bheith i do Spiderman?

laghairteanna = lizards



Foclóirín



Lch 11 ar lean

Céad slán le Lonesome George

an t-ainmhí ba theirce ar domhan = *the rarest animal in the world*

meastar go bhfuil an fospeiceas sin díothaithe = *it is thought that that subspecies is extinct*

neamhthoirtiúil = *infertile*

oiléanra = *archipelago / a system of islands*

a theoiric ar an éabhlóid = *his theory of evolution*

Lch 12

Plandaí Bratphortaigh

cothaithigh = *nutrients*

airionna = *properties*

súsán = *sphagnum moss*

ceimiceáin = *chemicals*

sa chré = *in the soil*

nuair a bhíonn an aeráid ró-fhliuch = *when the climate is too wet*

20 uair a mheáchan féin = *20 times it's own weight*

le fuil a ionsú = *to soak up blood*

má fhéachann tú go grinn air = *if you look at it closely*

cuma bheanna beaga ar na gais = *the stems look like little antlers*

clúdaithe le spící greamaitheacha = *covered with sticky spikes*

cuachann na duilleoga thart timpeall ar = *the leaves curl around*

ionsúnn an planda na cothaithigh = *the plant absorbs the nutrients*

planda síorghlas adhmafach = *a woody evergreen plant*

gainneach = *scaly*

foinse thábhachtach bhia agus fothana = *an important source of food and shelter*

cearc fhraoigh = *red grouse*

cruth claímh = *sword shaped*

go tréan agus go fairsing = *vigourously and widespread*

fíornimhneach d'ainmhithe = *very poisonous to animals*

dath cróchdhonn = *orange-brown colour*

Lch 13

gairleog = *garlic*

ba mheasa go mór a ghلام ná a ghreim = *his bark was much worse than his bite*

ceirtlín chorda = *ball of string*

Ag Dia amháin atá a fhios = *God alone knows*

ina réabach = *all dug up*

ag trá = *waning*

meigeall = *goatee beard*

Lch 14

a luaithe agus = *as soon as*

bíodh sí sona, brónach, feargach nó lán le hiontas = *be it happy, sad, angry or full of wonder*

na dreacha seo = *these expressions*

malaí = *eyebrows*

ar leathadh = *wide open*

caipíní do shúl = *your eyelids*

i lár báire = *in the middle*

imlíne = *outline*

déan do rogha rud = *do whatever you want*

bíodh spraoi agat = *have fun*

is fearr a bheidh tú chuige = *the better you will be at it.*

mura mbíonn aon chiall leo = *if they don't make sense*

scanraithe ag = *scared by*

dúch = *ink*

a scanadh isteach i mo ríomhaire = *to scan it into my computer*

Lch 15

sárlaoch = *superhero*

cadhnraí ídithe = *used batteries*

Cad é DTLL?

dramhthrealamh = *waste equipment*

imithe ó mhaith = *out of use*

fearais leictreacha = *electrical appliances*

is ionann agus drámhaíl iad is féidir a athchúrsáil = *They become waste products that can be recycled*

acmhainní an domhain = *the world's resources*

fearais leictreacha = *electrical appliances*

á gcur amú = *wasting them*

Céard a tharlaíonn...?

An Próiseas Athchúrsála = *The recycling process*

táirge nua = *new product*

earraí athchúrsáilte = *recycled items*

roinntear ina gcatagóirí = *they are divided into categories*

dochar don timpeallacht = *damage to the environment*

Cén áit a...?

do chomhairle áitiúil = *your local council*

Lch 16

múirin = *compost*

múirín móinbhunaithe = *peat-based compost*

canna stáin = *tin can*

beathaitheoir = *feeder*

pionnaí éadaigh = *clothes pegs*

bosca gránaigh = *cereal box*

imlíne den ainmhí is ansa leat = *An outline of your favourite animal*